



drámaíocht



orgán

## An Fiosraitheoir

### TASC 1:


An mbíonn tú féin ar bís ar an Aoine?  
Cén fáth?

### TASC 2:

Is maith leis an gcailín sa dán an drámaíocht mar chaitheamh aimsire.  
Ainmnigh 5 chaitheamh aimsire eile.



# TAISCE TUISCEANA



## Ar Scoil

## Ar Scoil

Inniu an Luan,  
Ar ais ar scoil,  
Inné an Domhnach,  
Ag obair gan mhoill.

Inniu an Mháirt,  
Ar an bhus,  
Ach ar an tábla,  
A d'fhág mé mo shos.

Inniu an Chéadaoin,  
**Drámaíocht** anocht,  
Ag déanamh cleachtaidh,  
Go dtí a seacht.

Inniu an Déardaoin,  
Déanaim ceol,  
Le mo mhúinteoir pianó,  
Agus an fear **orgáin** Pól.

Inniu an Aoine,  
Ar scoil arís,  
Ach an Satharn amárach,  
Tá mé ar bís!

Le Ann Ní Chuilinn

## Ceisteanna

- 1. I véarsa 1 cad a chiallaíonn 'gan mhoill'?**
  - (a) Go ciúin
  - (b) Go mall
  - (c) Go luath
- 2. Cén fáth a bhfuil an cailín míshásta i véarsa 2?**
  - (a) An Mháirt atá ann
  - (b) Ní maith léi an bus
  - (c) Rinne sí dearmad ar a sos
- 3. I véarsa 3 tá 'drámaíocht' in úsáid mar:**
  - (a) briathar.
  - (b) ainmfhocal.
  - (c) aidiacht.
- 4. Cén uirlis cheoil atá an cailín ag foghlaim?**
  - (a) An giotár
  - (b) An fheadóg stáin
  - (c) An pianó
- 5. Conas a mhothaíonn an cailín i véarsa 5?**
  - (a) Brónach
  - (b) Sceitimíneach
  - (c) Míshásta
- 6. Cén abairt atá fíor?**
  - (a) Níl an cailín ag súil go mór leis an gcleachtadh ceoil
  - (b) Tá an cailín ag súil go mór leis an deireadh seachtaine
  - (c) Tá an cailín ag súil go mór le dráma ag an deireadh seachtaine